Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Beartas Soláthair BIÉ

Arna ullmhú agus aird ar an Scéim Foilsithe Samhla arna foilsiú ag an Aire faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

## PUR-ADW-004/01

| TAIFEAD AN DOICIMÉID | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Teideal:** Beartas Soláthair BIÉ | | | **Cineál Doiciméid:** Beartas | | **Uimh.** PUR-ADW-004/01 |
| **Leagan** | **Cur Síos** | **Arna ullmhú ag** | **Arna athbhreithniú ag** | **Arna fhormheas ag** | **Dáta Formheasta** |
| 01 | Bunleagan | T.Redmond | G.Hannon | M.Nolan | 08 Feabhra 2019 |

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland

# Beartas Soláthair BIÉ

> Tagraíonn Mír E den Scéim Foilsithe Samhla a d'fhoilsigh an tAire faoi Alt 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014 do bheartais soláthair a fhoilsiú ag comhlachtaí SF.
> Ullmhaíodh agus foilsíodh an cháipéis seo agus aird ar an tagairt thuas.

Tá BIÉ tiomanta do litir agus/nó brí reachtaíocht uile an AE agus an reachtaíocht uile náisiúnta a bhaineann le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a sholáthar ag BIÉ a chomhlíonadh, chomh maith le rialacháin ghaolmhara, treoirlínte, ciorcláin agus cóid chleachtais Roinne agus na hOifige um Sholáthar Rialtais, faoi mar is cuí.

Léiríonn próisis soláthair BIÉ meas ar na prionsabail seo a leanas de chuid Chonradh an AE:

- Cóir chomhionann agus neamh-idirdhealú
- Trédhearcacht
- Aitheantas frithpháirteach
- Comhréireacht
- Saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí
- Ceart bunaíochta

Cuireadh Treoirlínte maidir le Soláthar Corparáideach BIÉ i bhfeidhm chun cabhrú agus tacú le foireann BIÉ a bhfuil baint acu le hoibreacha, soláthairtí agus seirbhísí a sholáthar. Cuireann na treoirlínte seo soiléireacht ar fáil maidir leis na róil atá le comhlíonadh agus na nósanna imeachta a bhfuiltear le cloí leo i gcomhthéacs próisis soláthair. Tá BIÉ tiomanta do na treoirlínte seo a chothabháil agus a fhorbairt go cuí le himeacht ama agus dá gcur i bhfeidhm éigeantach.

Tá BIÉ tiomanta do chinntiú, trína Threoirlínte Corparáideacha Soláthair a chur i bhfeidhm, go leagtar béim chuí ar an méid seo a leanas:

- a chinntiú go ndéantar próisis soláthair a phleanáil, a eagrú agus dóthain acmhainní a chur ar fáil dóibh ón tosach;
- a chinntiú go mbíonn teacht acu siúd atá freagrach as próisis soláthair a bhainistiú ar na tacaíochtaí cuí, sainchomhairle ina measc;
- a chinntiú, sula sínítear conradh, go gcloíonn an próiseas soláthair a leanadh le Treoirlínte Soláthair Chorparáidigh BIÉ (agus, ag teacht as sin, leis an reachtaíocht, na rialacháin, na treoirlínte, na ciorcláin, na cóid ábhartha, etc.); agus
- comhaid agus taifid chuí a fhorbairt agus a chothabháil agus aird chuí a thabhairt ar an limistéar iomlán breithnithe a bhaineann le bainistíocht cheart a dhéanamh ar shonraí agus ar faisnéis.

Mícheál Ó Nualláin

Michael Nolan,
Príomhfheidhmeannach

12-2-2019

Dáta

Bonneagar Iompair Éireann
Transport Infrastructure Ireland


Bonneagar Iompair Éireann
Ionad Ghnó Gheata na Páirce
Sráid Gheata na Páirce
Baile Átha Cliath 8
D08 DK10

Transport Infrastructure Ireland
Parkgate Business Centre
Parkgate Street
Dublin 8
D08 DK10

www.tii.ie

info@tii.ie

+353 (0)1 646 3600

+353 (0)1 646 3601